Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# An tAiseolas Ceartaitheach mar Chur Chuige chun Cruinneas a fhorbairt i gComhthéacs an Tumoideachais

Aiseolas Ceartaitheach mar chur chuige féideartha chun botúin choitianta ó bhéal a cheartú

CC BY NC

# Intinní Foghlama

- Go mbeidh tuiscint agaibh ar cad is Aiseolas Ceartaitheach (AC) ann
- Go bhfoghlaimeoidh sibh roinnt straitéisí AC chun AC éifeachtach a thabhairt
- Go dtuigfidh sibh conas AC a chur i bhfeidhm sa seomra ranga agus i dtimpeallacht na scoile

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Iniúchadh ar na Prionsabail um Fhoghlaim Éifeachtach Teanga sa Chomhthéacs Tumoideachais

CC BY NC

# Na Prionsabail um Fhoghlaim Éifeachtach Teanga

Ionchur Sothuigthe agus Bríoch

Teagmháil mharthanach leis an Sprioctheanga

Deiseanna don Aschur Bríoch

Idirghníomhaíocht Shóisialta agus Comhtháthú Pobail

Fachtóirí Mothúchánacha agus Spreagadh

Scafall Teanga

Tumadh Fadtéarmach agus Leanúnach

Measúnú agus Aiseolas atá Ailínithe le Spriocanna Tumtha

## Am Machnaimh

Smaoinigh ar do chomhthéacs ranga féin.

Conas a chuireann tú na Prionsabail um Fhoghlaim Éifeachtach Teanga i bhfeidhm sa seomra ranga?

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Aiseolas Ceartaitheach

## Cur chuige féideartha chun dul i ngleic leis na botúin choitianta

CC BY NC


Oide

# Deis Mhachnaimh

Cad atá ar eolas agat faoi Aiseolas Ceartaitheach?

Cad atá uaim?

Cad atá foghlamtha agam faoi Aiseolas Ceartaitheach?




5 nóiméad

# Cad is Aiseolas Ceartaitheach ann?

Aon ghníomh ón múinteoir, nó ó dhalta eile, a tharraingíonn aird an dalta i dtreo na habairte míchruinne agus a spreagann an dalta an botún a cheartú le linn cumarsáide.

(Ní Aogáin & Ó Duibhir 2020; 2021).

Athmhúnluithe

Leideanna

# Athmhúnluithe

Le **hAthmhúnluithe** mar straitéis ceartaítear aon bhotún teanga ó bhéal a dhéanann an páiste nó an scoláire tríd **an bhfoirm cheart a thabhairt** dó/di.

- Ceartú Follasach
- Ceartú Follasach le Míniú Meiteatheangeolaíoch
- Athmhúnlú Comhráiteach/Teagascach

# Ceartú Follasach



# Ceartú Follasach le Míniú Meiteatheangeolaíoch



# Athmhúnlú Comhráiteach/Teagascach



# Leideanna

I gcás **Leideanna** mar straitéis cheartúcháin … **ní luaitear an fhoirm chruinn** ach spreagtar an foghlaimeoir chun an fhoirm mhíchruinn den teanga a thabhairt faoi deara ina c(h)uid cainte agus í a cheartú é/í féin.

- Leid mheallta
- Soiléiriú
- Leid mheiteatheangeolaíoch
- Athrá

# Leid Mheallta



# Soiléiriú


Gabh
mo leithscéal?
An bhfuil cead agam
faigh deoch?
An bhfuil cead agam
deoch a fháil?

# Leid Mheiteatheangeolaíoch




# Athrá



# Aiseolas Ceartaitheach

Moltar úsáid a bhaint as Aiseolas Ceartaitheach **i gcaoi córasach ar bhonn leanúnach** sa seomra ranga.



Ábhar Tacaíochta

GAEILGE | TEANGA Ó BHÉAL | LÉITHEOIREACHT | SCRÍBHNEOIREACHT | Céim 1 go Céim 4

CURACLAM TEANGA NA BUNSCOILE
GAEILGE

## Aiseolas Ceartaitheach i gComhthéacs an Tumoideachais

**TORTHAÍ FOGHLAMA**

***Tacaíonn an t-ábhar tacaíochta seo le múineadh agus le foghlaim gach teanga agus baineann sé leis na torthaí foghlama uile trasna na dtrí snáithe.***

- Teanga ó Bhéal
- Léitheoireacht
- Scríbhneoireacht

### Céard is Teagasc Foirm-Dhírithe ann?

Agus muid ag trácht ar 'fhoirm' anseo, is éard a bhíonn ar intinn againn ná nithe amhail aimsir na mbriathra, inscne na n-ainmfhocal, struchtúr nó comhréir abairte, nó séimhiú nó urú a bheith ar fhocal. Is dual do pháistí díriú ar bhrí, agus is é an dúshlán atá roimh an múinteoir ná iad a spreagadh chun aird a thabhairt ar fhoirm na teanga. Mar shampla, nuair a bhíonn ceacht staire á mhúineadh ag múinteoir i suíomh tumoideachais, ní leor é díreach tuiscint a bheith ag na páistí ar an *ábhar* atá siad ag éisteacht leis nó atá á léamh acu, ní mór dóibh aird a thabhairt ar an *gcaoi* a ndeirtear nó a scríobhtar an t-ábhar sin freisin.

Leis an Teagasc Foirm-Dhírithe (TFD), tugtar deiseanna do pháistí aird a thabhairt ar spriocfhoirmeacha teanga le linn tascanna atá dírithe ar ábhar (Ranta & Lyster, 2018). Go bunúsach, meastar gur TFD atá i gceist le gníomhaíocht teagaisc phleanáilte nó theagmhasach ar bith lena dtugtar treoir do na páistí aird a thabhairt ar fhoirm na teanga, beag beann ar an ábhar atá á theagasc nó á phlé (Ellis, 2001). Maidir le TFD, tá réimse leathan straitéisí teagaisc ar féidir le múinteoirí tumoideachais leas a bhaint astu chun aird na bpáistí a dhíriú ar fhoirm le linn tascanna atá dírithe ar bhrí nó ar ábhar. Sa mhéid sin, féadfar a mheas gur scáth-théarma é TFD lena gclúdaítear a lán straitéisí teagaisc agus foghlama atá ar fáil do mhúinteoirí agus do pháistí i gcoitinne. San ábhar tacaíochta seo, cuirtear straitéis TFD amháin i láthair, ar a dtugtar Aiseolas Ceartaitheach (AC), a d'fhéadfadh cabhrú le múinteoirí 'frithchothromaíocht' (Lyster, 2007) a bhaint amach idir teagasc ábhair agus teagasc foirme sa seomra ranga tumoideachais, chun T2 níos cruinne a chothú i measc páistí tumoideachais. Díríonn an sampla seo ar AC ó bhéal.

www.curriculumonline.ie
www.ncca.ie/primary
73

Athmhúnluithe → Leideanna

# Cineálacha AC

Oide

## Leideanna

| Soiléiriú | Athrá | Comhartha Paraitheangeolaíoch | Leid Mheallta | Leid Mheititheangeolaíoch |
|---|---|---|---|---|

INTUIGTHE ⟷ FOLLASACH

| Athmhúnlú | Athmhúnlú teagasach | Ceartú follasach | Ceartú follasach + míniú meititheangeolaíoch |
|---|---|---|---|

## Athmhúnluithe Ceartaitheacha


(Lyster et al., 2013 lch 5)

# Straitéisí AC á gCur i bhFeidhm: Físeán Dea-chleachtais



1 nóim 47 soic

# Aiseolas Ceartaitheach i bhfeidhm sna ranganna ábhair san Iar-Bhunscoil



**Ceist Mhachnaimh**:



Conas is féidir le múinteoir ábhair Aiseolas Ceartaitheach a leabú ina (h)ábhar féin?

Coláiste Cois Life
Gleann an Ghrífín, Leamhcán

Karen Uí Chasaide,
Coláiste Cois Life, BÁC



**1 nóim 19 soic**

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Na Gnéithe Gramadaí a mbíonn Deacrachtaí ag Foghlaimeoirí leo

CC BY NC

Oide

# Cad iad na gnéithe gramadaí a mbíonn deacrachtaí ag foghlaimeoirí leo?

Tá sé fear.

Sin mo.

Cad a bhfuil tú ag déanamh?

B'fhéidir tá mé ag dul abhaile.

An dtéifidh mé leat?

Fuair mé isteach sa charr.

Dhearna mé an obair.

An bhfuil cead agam úsáid do pheann?

Is fear é.

Is liomsa é.

Cad atá tú ag déanamh?

B'fhéidir go bhfuil mé ag dul abhaile.

An rachaidh mé leat?

Chuaigh mé isteach sa charr.

Rinne mé an obair.

An bhfuil cead agam do pheann a úsáid?

- An Chopail
- An Chlaoninsint
- Briathra Neamhrialta
- Ag aistriú ó chomhréir an Bhéarla
- An tAinm Briathartha
- An Clásal Coibhneasta

# Cén fáth a ndéantar na botúin seo?

Cad a deirtear sa taighde faoin ábhar seo?

Bíonn na botúin mar ghné den chaint ag foghlaimeoirí. Ní bhíonn siad spreagtha le bheith níos cruinne.

(Ó Duibhir, 2018)

Déanann na foghlaimeoirí neamhaird ar bhotúin má tá siad fós in ann cumarsáid a dhéanamh.

(Mac Corraidh, 2008)

Bíonn siad ag idirghníomhú le daltaí eile a mbíonn idirtheangacha den chineál céanna acu.

(Hammerly, 1991)

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Cur i bhFeidhm Éifeachtach AC

## Moltaí praiticiúla don seomra ranga agus don timpeallacht scoile

CC BY NC

# Moltaí do Chur i bhFeidhm AC

Oide

Níl aon réiteach ann a oireann do chách!

Tá raon straitéisí AC ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais teanga na foghlaimeoirí go léir.

Athmhúnluithe (ceartú follasach) → Leideanna (ceartú intuigthe)

Bheifí ag súil go mbeadh scafláil i bhfoirm AC ón múinteoir ag laghdú de réir a chéile.

Tá go leor múnlóireachta ag teastáil ón múinteoir ag an tús.

Gné ghramadaí teanga amháin ar feadh coicíse/míosa

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Ról an Ghrinn san Aiseolas Ceartaitheach

cc BY NC

# Ról an Ghrinn san Aiseolas Ceartaitheach: Cur Chuige Trasearnála



Is féidir le greann an strus a mhothaíonn foghlaimeoirí a laghdú.

Feabhsaíonn sé cuimhne - Greann agus spraíúlacht!

Cruthaítear Caidrimh dhearfacha.

Spreagann sé foghlaimeoirí dul sa seans.

# Ról an Ghrinn san Aiseolas Ceartaitheach: Cur Chuige Trasearnála



Aiseolas trí Scannanú





Puipéid sa Bhunscoil

# Dea-chleachtas a Roinnt

Smaoinigh ar stráitéisí atá úsáidte agat i do sheomra ranga féin nó feicthe agat in áiteanna eile. An ritheann aon stráitéis/ eispéiris foghlama eile leat inar féidir ról an ghrinn a úsáid agus tú i mbun aiseolais cheartaithaigh?

Cuir isteach sa bhosca cómhrá iad.

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí


Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Cur Chuige Uile Scoile

CC BY NC


# Ag forbairt cumas labhartha na teanga: Ag úsáid AC mar ghníomh sa phlean feabhsúcháin scoile



# Taithí ó mhúinteoir bunscoile ar Aiseolas Ceartaitheach a chur i bhfeidhm ar bhonn scoile uile

Oide



**Ceist Mhachnaimh**:



Céard iad na gnéithe de chur chuige na scoile seo a d'fhéadfainn a chur i bhfeidhm i mo chomhthéacs scoile féin?

Gaelscoil Chluain Dolcáin

Múinteoir Gearóid
Gaelscoil Chluain Dolcáin, BÁC


# Cur Chuige Uile Scoile don AC: Plean Gnímh

| Pobal na Scoile | An Múinteoir Aonair |
|---|---|
| Conas a thugaimid aiseolas ceartaitheach do na foghlaimeoirí ar a gcuid Gaeilge? | Cén struchtúr ar a bhfuil tú chun díriú isteach an mhí seo? |
| An bhfuil córas uile scoile in úsáid againn? | Conas atá tú chun dul ó athmhúnluithe go leideanna? |
| Conas a úsáidimid aiseolas le cur ar chumas na foghlaimeoirí machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim? | An bhfuil aon fhoghlaimeoir sa rang réidh do leideanna cheana féin? |

# Intinní Foghlama

- Go mbeidh tuiscint agaibh ar cad is Aiseolas Ceartaitheach (AC) ann
- Go bhfoghlaimeoidh sibh roinnt straitéisí AC chun AC éifeachtach a thabhairt
- Go dtuigfidh sibh conas AC a chur i bhfeidhm sa seomra ranga agus i dtimpeallacht na scoile

# Deis Mhachnaimh: Cad atá foghlamtha agam faoi AC?



Oide

Go raibh míle maith agaibh as bhur rannpháirtíocht.

@OideprimGaeilge

@Oide_PP_Gaeilge

# Míle buíochas

info@oide.ie
eolas@oide.ie

www.oide.ie

@oide_Ireland

# Tagairtí


Allen, P., Swain, M., Harley, B. & Cummins, J. 1990. Aspects of classroom treatment: toward a more comprehensive view of second language education. *In:* Harley, B., Allen, P., Cummins, J. & Swain, M. (eds.) *The Development of Second Language Proficiency.* Cambridge: Cambridge University Press.

Ammar, A. & Spada, N. 2006. One size fits all?: Recasts, Prompts, and L2 Learning. *Studies in second language acquisition,* 28**,** 543-574.

Cammarata, L., & Tedick, D.J. 2012. Balancing Content and Language in Instruction: The Experience of Immersion Teachers. *The Modern Language Journal*, 96, 251-269. https://doi.org/10.1111/j.1540-4781.2012.01330.x

Hammerly, H. 1991. Fluency and accuracy: toward balance in language teaching and learning. Clevedon, UK: Multilingual Matters.

Harley, B. 1993. Instructional Strategies and SLA in Early French Immersion. Studies in Second Language Acquisition, 15, 245-259.

Kartchava, E. 2019. Noticing Oral Corrective Feedback in the Second Language Classroom: Background and Evidence. Bloomsbury Publishing.

Krashen, S. 1982. Principles and practice in second language acquisition. Oxford, Pergamon Press.

Li, S. 2010. The Effectiveness of Corrective Feedback in SLA: A Meta-Analysis. Language learning, 60, 309-365.

# Tagairtí


Lyster, R. 2007. Learning and teaching languages through content: a counterbalanced approach, Amsterdam, John Benjamins.

Lyster, R. & Ranta, L. 1997. Corrective Feedback and Learner Uptake: Negotiation of Form in Communicative Classrooms. *Studies in second language acquisition*, 19, 37-66.

Lyster, R., Saito, K. & Sato, M. 2013. Oral corrective feedback in second language classrooms. *Language teaching*, 46, 1-40.

Mac Corraidh, S. 2008. Ar thóir an dea-chleachtais: the quest for best practice in Irish-medium primary schools in Belfast. Béal Feirste: Ollscoil na Banríona

Ní Aogáin, S. & Ó Duibhir, P. 2020. Aiseolas ceartaitheach i gcomhthéacs an tumoideachais. Ábhar Tacaíochta. NCCA.

Ní Aogáin, S. & Ó Duibhir, P. 2021. Iniúchadh ar an tionchar a bhíonn ag aiseolas ceartaitheach ar chruinneas Gaeilge daltaí tumoideachais. In: Ó Ceallaigh, T. J. & Ó Laoire, M. (eds.) An Tumoideachas: Deiseanna agus dea-chleachais. An dara comhdháil taighde uile-oileánda ar an tumoideachas: Imeachtaí comhdhála. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ní Aogáin, S. & Ó Duibhir, P. 2022. Ó Theoiric go Cleachtas: Aiseolas Ceartaitheach i Scoileanna Lán-Ghaeilge. TEANGA, the Journal of the Irish Association for Applied Linguistics, 29, 80-106.

# Tagairtí

Ní Mhurchú, C., Ní Aogáin, S. & Ó Ceallaigh, T. J. 2023. Aiseolas ceartaitheach mar réiteach ar easnaimh theangeolaíocha sa tumoideachas lán-ghaeilge. TEANGA, the Journal of the Irish Association for Applied Linguistics, 30, 81-108.

Ó Ceallaigh, T. J. & Ní Shéaghdha, A. 2017. I dtreo barr feabhais: dea-chleachtais san oideachas lán-Ghaeilge, Baile Átha Cliath, Gaeloideachas.

Ó Duibhir, P. 2010. Gaeilge labhartha na bpáistí i scoileanna lán-Ghaeilge i dTuaisceart na hÉireann. SCOTENS.

Ó Duibhir, P. & Cummins, J. 2012. Towards and Integrated Language Curriculum in Early Childhood and Primary Education (3 - 12 Years): Commissioned Research Report. Dublin: NCCA.

O Duibhir, P. 2018. Immersion Education: Lessons from a Minority Language Context, Blue Ridge Summit, PA, Multilingual Matters.

Tedick, D. J. & Lyster, R. 2020. Scaffolding Language Development in Immersion and Dual Language Classrooms, Londain, Routledge.

Sato, M. & Lyster, R. 2012. Peer interaction and corrective feedback for accuracy and fluency development. *Studies in Second Language Acquisition*. 34. 10.1017/S0272263112000356.

Sato, M. 2013. Beliefs about peer interaction and peer corrective feedback: Efficacy of classroom intervention. *Modern Language Journal.* 97. 611-633. 10.1111/j.1540-4781.2013.12035.x.